

**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Déardaoin 12 Nollaig 2024 ag 11.00am

**Cruinniú hibrídeach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,
4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus físchomhdháil (VC)**

An Bord	I láthair: - Eoin McVey, Cathaoirleach - An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leas-Chathaoirleach (VC) - An Dr Marie Bourke - Michael Diviney - John Grenham (VC) - Lisa Grimm - Elizabeth M. Kirwan - An Dr Brian Lang - Caitriona Sharkey - Genevieve Wyeth Leithscéalta: - Lorelei Harris - An tOllamh Kalpana Shankar
Feidhmeannas	I láthair: - An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-13) - Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-13) - Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (PFR) (6-7) - Brian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir, Ceannasaí na nEastát (8-11)
Tabhair do d'aire: Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuirtear in iúl (Mír 1-13) thuas, mar shampla, nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh siad i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe de na miontuairiscí.	

1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann agus ghlac sé le clár oibre an chruinnithe. Mar fhreagra ar iarratas an Chathaoirligh, dhearbhaigh comhaltaí an Bhoird nach raibh aon choinbhleachtaí leasa acu.

Bhí an cruinniú Boird le córam. Ghlac an Bord leis an gclár oibre agus níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí leasa.

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh chruinniú an Bhoird. Glacadh leis gur léadh na páipéir uile.

2. Dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Boird an 24 Deireadh Fómhair 2024 agus a bhfoilsíú

D'fhaomh an Bord dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Boird an 24 Deireadh Fómhair 2024 agus foilsíú na miontuairiscí faofa le hathbhreithnithe mar a aibhsíodh.

3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus ina theannta sin, chuir sé an Bord ar an eolas ó bhéal ar chruinniú Choiste Chumann NLI an 27 Samhain 2024; feabhsuithe suntasacha TFC; agus iarrachtaí chun cur le cumarsáid sheachtrach NLI maidir le bailiúcháin a chuirtear ar fáil i bhformáid dhigiteach. Chuir Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltais fáilte roimh an gcruinniú faisnéise deiridh.

Thug an Bord dá n-aire an tábla gníomhaíochta um nithe ag éirí.

4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha mar aon le faisnéisiú breise ó bhéal ar ábhair ghaolmhara. D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord maidir le staitisticí meán sóisialta agus seachadta seirbhíse NLI mar a cuireadh ar fáil sa Tuarascáil Feidhmiúcháin. Bhí plé fada ag an mBord a chlúdaigh trí théama: léitheoirí/úsáideoirí/cuairteoirí NLI ar an láthair agus ar líne; taispeántais NLI; agus próifíl aoise léitheoirí/úsáideoirí/cuairteoirí NLI a mhéadú.

Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé Tuarascáil an Fheidhmeannais do Bhord NLI, 12 Nollaig 2024.

5. Coistí an Bhoird

5.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

5.1.1 Tuarascáil an 3 Nollaig 2024

Thug Leas-Chathaoirleach an Bhoird ina ról mar Chathaoirleach Coiste an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha a bhain le cruinniú an Choiste an 3 Nollaig 2024 mar aon le faisnéisiú ó bhéal breise ar ábhair ghaolmhara.

D'fhreagair Cathaoirleach agus Stiúrthóir an Choiste ceisteanna ón mBord maidir le cóireáil chánach ar aisíocaíocht táillí ballraíochta bliantúla comhlachta ghairmiúla d'Fhostaithe agus do Shealbhóirí Oifige.

Thug an Bord dá n-aire Tuarascáil Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 3 Nollaig 2024.

5.1.2 Miontuairiscí an 9 Deireadh Fómhair 2024

Thug an Bord dá n-aire miontuairiscí faofa chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 9 Deireadh Fómhair 2024.

5.1.3 Comhaltas

D'fhaomh an Bord agus chuir siad fáilte roimh cheapachán comhalta seachtrach breise, Denis O'Connor, mar ghnáthchomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le héifeacht ón 12 Nollaig 2024 go dtí an 11 Nollaig 2029.

5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuarascáil an 20 Samhain 2024 agus Miontuairiscí an 5 Meitheamh 2024

Chuir Cathaoirleach an Choiste an Bord ar an eolas ó bhéal ar an gCoiste cruinnithe an 5 Meitheamh agus an 20 Samhain 2024 faoi seach.

Chuir Cathaoirleach an Choiste an Bord ar an eolas freisin maidir le pleananna an Choiste chun comóradh a dhéanamh ar scor Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta, Príomh-Aralt na hÉireann, atá ina chomhalta de bhrí oifige den Choiste freisin. D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord ar phlean comharbais i bhfianaise an scoir seo atá ar feitheamh.

Thug an Bord dá n-aire tuarascáil ó bhéal Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas an 20 Samhain 2024. Thug an Bord dá aire freisin miontuairiscí faofa chruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas an 5 Meitheamh 2024.

5.3 An Coiste Comhairleach do Léitheoirí: Tuarascáil an 4 Nollaig 2024 agus Miontuairiscí an 26 Meán Fómhair 2024

Mar gheall ar Chathaoirleach an Choiste a bheith as láthair, thug comhalta de Choiste Comhairleach Léitheoirí, Micheal Diviney, faisnéis don Bhord ar chruinniú an Choiste an 4 Nollaig 2024 lena n-áirítear rún an Choiste soláthraí seirbhíse a fhostú a bhfuil saineolas ar éagsúlacht agus cuimsiú aige chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choiste ina athbhreithniú ar Chairt an RAC.


Thug an Bord dá n-aire tuarascáil ó bhéal chomhalta den Choiste ar chruinniú Choiste Comhairleach Léitheoirí an 4 Nollaig 2024. Thug an Bord dá n-aire freisin miontuairiscí faofa chruinniú Choiste Comhairleach Léitheoirí an 26 Meán Fómhair 2024.

6. Bainistíocht Riosca: Clár Riosca Corparáideach

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d'fhreagair sé ceisteanna ón mBord maidir le sainmhíniú ar théarmaíocht bainistíochta riosca agus an

réasúnaíocht don rátáil riosca a bhaineann le Príomhriosca an Bhoird (BKR) 1.

Phléigh an Bord an Clár Riosca Corparáideach (CRC). Maidir leis an gcéad athbhreithniú eile ar an CRC, d'iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas na straitéisí maolaithe seo a leanas a mheas maidir le Riosca 2.9 – foirgnimh agus Riosca 3.1 – Treoir AE 2016/2102 (26 Deireadh Fómhair 2016) i ndáil le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár soghluaiste na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí, a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn faoi IR 358 de 2020 ar a dtugtar an “Treoir maidir le hinrochtaineacht Gréasáin an AE”.



Thug an Cathaoirleach dá n-aire a bhuíochas, thar ceann an Bhoird, don POR as an obair a rinneadh le bliain anuas maidir leis an tionscadal bainistíochta riosca.

D'fhaomh an Bord: an dréacht-Chlár Riosca Corparáideach, leagan R4, 2024 (Aguisín 1); an dréacht-Tuarascáil ar Phríomhrioscaí an Bhoird, leagan R4, 2024 (Aguisín 2 & 3); agus an dréacht-Tuarascáil ar Rioscaí a Sháraíonn Inghlacthacht, leagan R3, 2024 (Aguisín 4). Phléigh an Bord an Clár Riosca Corparáideacha, an Tuarascáil ar Phríomhrioscaí an Bhoird agus an Tuarascáil ar Rioscaí a Sháraíonn Inghlacthacht go mion.

7. Cúrsaí Airgeadais

7.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Phléigh agus d'fhaomh an Bord na dréachtchuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

7.2 Dréacht-Teimpléad na gCuntas Bainistíochta atá beartaithe

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Ghabh Cathaoirleach an ARC buíochas leis an gCeannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca as an dréacht-teimpléad nua a fhorbairt chun na cuntais bhainistíochta a chur i láthair de bhun mholadh an ARC. Mhol comhalta den ARC, Genevieve Wyeth, a bhí i dteagmháil leis an gCeannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca maidir le forbairt an dréachta sin, gur cheart an teimpléad a athrú chun leathanach A4 a chur in oiriúint nuair is féidir.

D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord an dréacht-Teimpléad na gCuntas Bainistíochta atá beartaithe lena chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

7.3 Buiséad Ardleibhéil 2025

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Phléigh an Bord an Dréachtbhuiséad Ardleibhéil 2025 agus chomhaontaigh sé a fhaomhadh do Dhréachtbhuiséad Ardleibhéil 2025 a chur siar go dtí a chéad chruinniú eile.

7.4 Cairt údaráithe, ordú ceannaigh agus formheas sonraisc athbhreithniú tairsí

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d'fhreagair sé ceist ón mBord i dtaobh an raibh plean soláthair chorparáidigh ag an NLI agus

cathain a lorgófaí faomhadh an Bhoird chun síntí conartha a bhronnadh. Mhol an Bord an Feidhmeannas as an obair a rinneadh ar an ábhar seo agus as soiléireacht pháipéar an Bhoird.

D’fhaomh an Bord an dréachtchairt Údaraithe nuashonraithe, an t-ordú ceannaigh agus na tairseacha formheasa sonraisc (Aguisín 4).

8. Tionscadal Forbartha Caipitil:



9. Beartas - Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta 2025

Thug Leas-Stiúrthóir-Cheannasaí na nEastát breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d’fhreagair sé ceist ón mBord maidir le cé atá i ról an ionadaí sábháilteachta.

D’fhaomh an Bord an dréachtráiteas Sábháilteachta do 2025.

10. Cás Gnó - Eastáit: Seirbhísí Glantacháin

Thug an Leas-Stiúrthóir-Cheannasaí na nEastát breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Thug an Bord cead don Fheidhmeannacht conradh a bhronnadh faoin gCreat - Chomhaontú Ilsholáthraithe (FCL024F) chun Seirbhísí Glantacháin Tráchtála agus Glantacháin Fuinneog a sholáthar don chuideachta reatha, Seirbhísí Glantacháin Moore.

11. Cur i Láthair - Eastáit: Ceannaireacht Aeráide

Thug an Bord dá n-aire go raibh cur i láthair ullmhaithe ag an Leas-Stiúrthóir-Cheannasaí na nEastát dar teideal ‘Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide NLI’.

12. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile ann.

13. Cúrsaí boird

13.1 Measúnú Féinmheasúnaithe Bliantúil ar Éifeachtúlacht an Bhoird

Thug an Bord dá n-aire go ndéanfar an ceistneoir de shamhail Mheasúnú Féinmheasúnaithe an Bhoird, mar a fhoráiltear sa Chód Stáit, a scaipeadh go leictreonach ar an mBord.

13.2 An chéad chruinniú eile: Déardaoin 27 Feabhra 2025, 11.00am (hibrideach)

Thug an Bord dá n-aire go mbeidh a chéad chruinniú eile ar siúl Déardaoin 27 Feabhra 2025 ag 11.00am i Seomra Boird/Zoom NLI.

14. Am príobháideach

Thar a cheann féin agus thar ceann an Bhoird, bhronn an Cathaoirleach grianghraf frámaithe ó Bhailiúchán Lawrence ar an gcomhalta Boird, Elizabeth M. Kirwan, chun í a chomóradh ar feitheamh ar scor ón institiúid tar éis gairmréim fhada agus céimiúil, agus chun buíochas a ghabháil léi as a seirbhís mar ainmní foirne ar Bhord NLI.

Reáchtáil an Bord seisiún príobháideach agus rinne sé cur i láthair don chomhalta Boird, Elizabeth M. Kirwan.

Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.